C/2025/4230

29.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12002 — BCI / PSP / MONTEREY MUSHROOMS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4230)

1. An 22 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI') (Ceanada),

— Paine Schwartz Food Chain Fund VI GP, L.P., faoi rialú Paine Schwartz Partners, LLC ('PSP') (na Stáit Aontaithe, an dá cheann),

— Monterey Mushrooms Holdings, LLC, ('Monterey Mushrooms' nó 'an Comhfhiontar') (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh BCI agus PSP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Monterey Mushrooms.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann chliaint na hearnála poiblí ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é PSP atá dírithe ar cheannach thar barr amach ag an mbainistíocht agus infheistíochtaí caipitil forbraíochta agus bainistíonn sé infheistíochtaí thar ceann príomhinstitiúidí airgeadais domhanda agus infheisteoirí, ar infheistíochtaí iad atá dírithe ar thionscail an bhia agus an ghnó talmhaíochta,

— Tá Monterey Mushrooms gníomhach (i) i bhfás agus soláthar beacán úr i Meiriceá Thuaidh agus (ii) tá rannán bith-theicneolaíochta aige atá ag gabháil do T&F agus do tháirgeadh cineálacha sceitheacha beacán a dhíoltar le múiríneoirí nó saothróirí beacán úra ar fud an domhain, arna n-oibriú ag a fhochuideachtaí Amycel LLC ('Amycel') agus Spawn Mate LLC. In LEE, is tríd an rannán bith-theicneolaíochta amháin, atá á hoibriú ag Amycel, atá an Comhfhiontar gníomhach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12002 — BCI / PSP / MONTEREY MUSHROOMS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË